# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Na Clasaicí

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Clasaicaí na Sraithe Sóisearaí 2024
Scéim Mharcála

| Roinn A | Miotas agus an Saol Laethúil | 180 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1: 30 marc**

**(a)** Críochnaigh an tábla is líon isteach ainm agus ról gach dé/ bandé sna híomhánna thuas. **12 mharc: 1 mharc** ar gach ainm, **2 mharc** ar gach ról.

| **Íomhá Uimhir** | **ainm** (**Gréagach** nó **Rómhánach**) | **Ról** (dia/ bandia an/ na…) |
|---|---|---|
| 1. | Aitéiné / Minerva | freagra bailí **amháin**, amhail: gaois, cogadh, fíodóireacht. |
| 2. | Háidéas / Plútón | freagra bailí **amháin**, amhail: an domhan thíos, saibhreas, miotal. |
| 3. | Artaimís / Diana | freagra bailí **amháin**, amhail: ainmhithe fiáine, an ghealach, breith linbh. |
| 4. | Apalló | freagra bailí **amháin**, amhail: filíocht, leigheas, an ghrian. |

**(b)** Mínigh conas a bhí tú in ann gach dia/ bandia in Íomhánna 1-4 a aithint.
**8 marc: 1 -2 mharc** ar gach míniú, bunaithe ar an méid eolais a tugadh.

**2 mharc**: sainaithnítear 2 shiombail/ghné, nó 1 siombail le forbairt

**1 mharc:** sainaithnítear 1 siombail/ghné

**(c)** Sa tábla thíos, scríobh an t-ainm Rómhánach taobh le hainm Gréagach gach dé/ bandé.
**10 marc: 2 mharc** ar gach ainm.

| **Ainm Gréagach** | **Ainm Rómhánach** |
|---|---|
| Afraidíté | Véineas |
| Déiméitéir | Ceiréas |
| Héafaestas | Bolcán |
| Poiséadón | Neiptiún |
| Séas | Iúpatar |

**Ceist 2: 30 marc**

**(a)** Bunaithe ar thús an tsleachta seo, tabhair breac-chuntas ar Echo. **3 mharc**

**3 mharc:** 3 phointe/chur síos bhailí bunaithe ar théacs
**2 mharc:** 2 phointe/chur síos bhailí bunaithe ar théacs
**1 mharc:** 1 phointe/chur síos bhailí bunaithe ar théacs

**(b)** Mínigh conas a chuir Héire pionós ar Echo. **2 mharc**

- **2 mharc**; 2 cheann ar bith dóibh seo a leanas:
  - Chuir Héire mallacht ar Echo
  - Bhain Héire buanna/guth Echo de
  - Ní raibh ar chumas Echo ach athrá a dhéanamh ar fhocail daoine eile
  - Tuairim faoin bhfáth a raibh gníomhaíochtaí Héire go dona
- **1 mharc**: 1 cheann ar bith dóibh seo a leanas:
  - Chuir Héire mallacht ar Echo
  - Bhain Héire buanna/guth Echo de
  - Ní raibh ar chumas Echo ach athrá a dhéanamh ar fhocail daoine eile

**(c)** Cén fáth ar éalaigh Echo go dtí an uaimh **agus** céard a tharla di ansin? **3 mharc**

- **2 mharc** ar 'brónach mar gheall ar dhiúltú Nairciseas ' **+ 1 mharc** ar 'meathann sí go guth amháin'

**(d)** Is é atá in Íomhá A ná péintéireacht d'Echo, Nairciseas agus Cúipid. An dóigh leat go ndearna an t-ealaíontóir jab maith d'Echo agus Nairciseas a léiriú? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat don íomhá **agus** don sliocht **araon**. **6 mharc**

**6 mharc:** Pléann sé nó sí léiriú ar Echo **agus** Nairciseas, sonra amháin ó íomhá **agus** ón sliocht.
**4 mharc:** Pléann sé nó sí léiriú ar Echo **agus/nó** Nairciseas, sonra amháin ó íomhá **agus/nó** ón sliocht.
**2 mharc:** Pléann sé nó sí léiriú ar Echo **agus/nó** Nairciseas.

**(e)** Is as baois Nairciseas a thagann an focal 'nairciseíoch', a chiallaíonn duine atá an-mhórálach agus féinghafa. Roghnaigh **dhá** nath eile a thagann ó mhiotais eile agus mínigh a mbrí. **6 mharc**

Nath:

- **1 mharc** ar ainm gach ceann (m.sh. teannán Aichill; claíomh Damocles; bosca Phandóra; neart/iarracht Herculean; Arachnid; Echo; "Ná bí ag eitilt ró-ghar don ghrian")

Míniú:

- **2 mharc:** cur síos mionsonraithe
- **1 mharc:** cur síos bunúsach
- **Ní bhronntar aon mharc** ar fhocail nach dtagann ó mhiotas na Sean-Ghréige nó na Sean-Róimhe.

**(f)** Míníonn miotas seo Echo agus Nairciseas bunús macalla. Déan achoimre ar mhiotas na Sean-Ghréige/ na Sean-Róimhe **eile** a mhíníonn conas a cruthaíodh rud éigin nó a ainmníodh é. **10 marc**

**10 marc:** achoimre an-mhaith, tá sonraí ann ar conas a cruthaíodh rud éigin ar dtús / conas a fuair sé a ainm.

**7 marc:** achoimre maith, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt sonraí in easnamh

**4 mharc:** achoimre an-bhunúsach nó mhíchruinn, gan aon sonraí

**2 mharc:** tugann sé nó sí ainm an mhiotais ach níl aon sonraí ann **nó** achoimre chruinn ar mhiotas nach mbaineann le hábhar

## Clasaicaí na Sraithe Sóisearaí 2024
## Scéim Mharcála

**Ceist 3: 30 marc**

**(a)** Ainmnigh **dhá** mhiotas a bhfuil arracht iontu. **4 marc**

- **1 mharc** ar gach ainm miotais **agus** ar gach ainm arrachta.

**(b)** Cén fáth, dar leat, a mbíonn arrachtaí go minic i miotais na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. **6 mharc**

**6 mharc:** freagra an-mhaith ina bhfuil 2 chúis ar a laghad, agus mínithe leis an dá cheann
**4 mharc:** freagra maith ina bhfuil 1 chúis ar a laghad, agus míniú leis an gcúis
**2 mharc:** freagra an-bhunúsach; gan míniú leis

**(c)** Sampla iad arrachtaf de théama i miotaseolafocht na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe. Pléigh téama amhain **eile** i miotais na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe. Tagair do **thrí** mhiotas, mar thacaíocht le do fhreagra. **20 marc**

**20 marc:** 3 mhiotas, plé an-mhaith. Tá forbairt/mionsaothrú fúthu ann atá tacaithe ag 3 mhiotas ábhartha agus a nascann na miotais sin leis an téama atá roghnaithe aige nó aici. Tá gach ceann de na 3 mhiotas tacaithe ag fianaise.

**16 mharc:** 3 mhiotas, plé maith. Tá 3 mhiotas ábhartha ann agus nascann sé nó sí iad leis an téama atá roghnaithe aige nó aici. Tá 2 mhiotas ar a laghad tacaithe ag fianaise

**12 mharc:** 2 mhiotas, plé maith. Tá 2 mhiotas ábhartha ann agus nascann sé nó sí iad leis an téama atá roghnaithe acu. Tá gach miotas tacaithe ag fianaise.

**6 mharc**: 1 mhiotas ar a laghad, plé an-bhunúsach nó míchruinn. Tá 1 mhiotas ábhartha ann agus nascann sé nó sí é leis an téama atá roghnaithe aige nó aici. Roinnt sonraí maithe ann ach tá easnamh ann ar an iomlán. Tá 1 mhiotas tacaithe ag fianaise;

NÓ ainmnítear 3 mhiotas agus téama ach ní thugtar aon phlé/ sonraí/fianaise faoi na miotais.

**3 mharc:** tá níos lú ná 3 rud ainmnithe (miotais nó téama), gan aon phlé/ sonraí

**Ceist 4: 30 marc**

**(a)** Céard ab ainm don mhúinteoir scoile i dteaghlach Cható? **2 mharc**

- Chilo

**(b)** Tabhair **dhá** chúis nach dteastaíonn ó Cható go bhfaigheadh a mhac oiliúint ó sclábhaí. **4 marc**

- **Dhá** phointe bhailí ar bith mar atá luaite sa téacs **(2+2)**

**(c)** Cad iad na hábhair a d'fhoghlaim mac Cható? **3 mharc**

- **1 mharc an ceann:** léitheoireacht, dlí, gleacaíocht

**(d)** Cén fáth, dar leat, ar chinn státairí Rómhánacha ar nós Cható go raibh sé tábhachtach dá mhic foghlaim "conas sleá a chaitheamh, troid i gcathéide, marcaíocht agus dornálaíocht a dhéanamh, teas agus fuacht araon a sheasamh, agus conas snámh"? Mínigh do fhreagra. **5 mharc**

**5 mharc:** míniú an-mhaith, tá 2 mhionsonra ar a laghad ann faoi shaol laethúil na Róimhe

**3 mharc:** míniú maith, tá 1 mhionsonra ar a laghad ann faoi shaol laethúil na Róimhe

**1 mharc**: míniú an-bhunúsach nó míchruinn, níor luadh sonraí ar bith faoi shaol laethúil na Róimhe

**(e)** Léiríonn íomhá A **dhá** rud a d'úsáidtí go coitianta san oideachas sa tSean-Róimh. Luaigh ainmneacha an dá rud san íomhá agus mínigh cad lena n-aghaidh a d'úsáidtí iad. **6 mharc**

Ainm:

- **1 mharc** ar gach ainm (cera / táibléad céarach / tabhall / clár céarach agus stíleas)

Míniú:

- **2 mharc:** freagra mionsonraithe
- **1 mharc**: freagra bunúsach, i.e. "peann"

**(f)** Mínigh **dhá** bhealach ina bhfuil an t-oideachas in Éirinn inniu difriúil ón oideachas sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh. **10 marc: 5 mharc** ar gach difríocht.

**5 mharc:** míniú maith ar an difríocht, tá sonraí mar thaca leis an bhfreagra, comparáid shoiléir ann

**3 mharc:** ráiteas difríochta gan aon mhíniú/sonraí breise ann; d'fhéadfadh an freagra a bheith mícheart nó nach bhfuil go hiomlán ceart; sonraí tábhachtacha in easnamh; gan aon chomparáid shoiléir

**1 mharc**: ráiteas faoin oideachas in Éirinn **nó** sa Ghréig/sa Róimh gan aon mhionsonraí breise nó gan aon chomparáid

**Ceist 5: 30 marc**

**(a)** Samhlaigh gur duine fásta tú sa tSean-Ghréig nó sa tSean-Róimh. Scríobh litir chuig cara leat faoi do shlí bheatha. Cuir síos i do litir ar dhá ghníomhaíocht ar a laghad a dhéanann tú. **20 marc**

**20 marc:** 2 ghníomhaíocht, cur síos an-mhionsonraithe a thaispeánann fairsinge agus/nó doimhneacht an eolais, tá téarmaí tábhachtacha ann amhail uirlisí sonracha a úsáideadh, na héadaí a chaití, teideal poist, etc.

**16 mharc:** 2 ghníomhaíocht, cur síos mionsonraithe, téarmaí tábhachtacha ann

**12 mharc:** 1-2 ghníomhaíocht. cur síos maith

**6 mharc**: 1 ghníomhaíocht ar a laghad, cur síos an-bhunúsach nó míchruinn

Ábhar Táscach: gairmeacha amhail gliaire, múinteoir, sclábhaí, sagart/bansagart, dochtúir, ceoltóir/aisteoir, lúthchleasaí, saighdiúir.

- Gliaire: d'fhéadfadh na hairm a úsáidtear, na héadaí a chaitear, an próiseas ullmhúcháin don troid, cur síos ar an troid – cá háit a tharla sé, cad a tharla, srl. a bheith sa chur síos; cineál gliaire
- Múinteoir: d'fhéadfadh an dóigh a dtéann siad i mbun na scoláirí a mhúineadh (cé, cén áit, cad a mhúineann siad) a bheith sa chur síos; cineál múinteora
- Sclábhaí: gníomhaíochtaí laethúla a theastaíonn mar sclábhaí; cineál sclábhaí
- Sagart/Bansagart: áit a bhfuil siad ina sagairt .i. cén dia; deasghnátha a dhéanann siad
- Dochtúir: uirlisí a úsáideadh agus conas a dhéantar cóireálacha
- Ceoltóir/aisteoir: sonraí faoi chleachtadh le haghaidh dráma/léirithe, cultacha a chaití
- Lúthchleasaí: áit a mbíonn siad ag cleachtadh, sonraítear cén spórt a imríonn siad, b'fhéidir tagairt do na cluichí Oilimpeacha, conas a ullmhaíonn siad don imeacht; cad a dhéanann siad ina dhiaidh sin
- Saighdiúir: cén cineál saighdiúir; éadaí a chaitear; oiliúint chun troid i gcath

**(b)** Bunaithe ar do fhreagra ar pháirt (a), an dóigh leat go dtaitneodh sé leat an cineál seo oibre a dhéanamh sa seansaol? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. **10 marc**

**10 marc:** 2-3 chúis, tacaithe nó forbartha le mionsonraí / fianaise

**8 marc:** 1-2 chúis, tacaithe le sonra.

**4 mharc:** 1 chúis an-bhunúsach ar a laghad

**1 mharc:** freagra 'tá/níl' gan aon chúis

**Ceist 6: 30 marc**

**(a)** Pléigh conas a bhaineann ceann amháin de na topaicí thíos leis an saol laethúil i dteaghlach sa tSean-Ghréig/ tSean-Róimh:**14 mharc**

- bia; reiligiún; teaghlach; sclábhaithe.

**14 mharc:** plé an-mhaith ar an ábhar le sonraí sonracha, tá 2-3 eochairthéarma ar a laghad ann, bainteach leis an saol laethúil sa bhaile

**10 marc**: plé maith ar an ábhar, roinnt sonraí cineálacha, tagairt theoranta don saol laethúil sa bhaile, tá 1-2 eochairthéarma ar a laghad ann

**6 mharc:** plé bunúsach nó míchruinn ar an ábhar, tá tagairt bhunúsach ann don teaghlach, tá1 eochairthéarma ar a laghad ann

**2 mharc:** trácht an-bhunúsach nó míchruinn; gan aon phlé; níl aon eochairthéarmaí ann; ní nascann sé an t-ábhar leis an saol laethúil sa bhaile

**(b)** **16 mharc: 4 mharc** ar gach ainm **agus** ar gach cur síos.

**(i)** Scríobh ainm agus cur síos ar sheomra 1 agus sheomra 2 atá lipéadaithe in Íomhá A ( domus Rómhánach).

Ainm:

- **1:** aitriam **(4 mharc)**; halla foirmiúil / halla isteach **(2 mharc)**; halla (**1 mharc)**.
- **2:** triclinium **(4 mharc)**; seomra bia/exedra **(2 mharc).**

Cur síos (ar dhearadh agus/nó ar úsáid):

- **4 mharc:** Tá 2 shonra ann
- **2 mharc:** Tá 1 sonra ann

**NÓ**

**(ii)** Scríobh ainm agus cur síos ar sheomra 1 agus sheomra 2 atá lipéadaithe in Íomhá B (oikos Gréagach).

Ainm:

- **1:** gynaceum **(4 mharc)**; ceathrúna na mban (**2 mharc)**.
- **2:** andron **(4 mharc)**; ceathrúna na bhfear **(2 mharc).**

Cur síos (ar dhearadh agus/nó ar úsáid):

- **4 mharc:** Tá 2 shonra ann
- **2 mharc:** Tá 1 sonra ann

## Roinn B Domhan Aichill, an Róimh 180 marc

**Ceist 7: 28 marc**

**(a)** Ainmnigh **dhá** cheann de na carachtair in Íomhá A agus mínigh conas a d'aithin tú gach ceann. **8 marc**

Carachtar: **4 mharc**

- **2 mharc** ar gach ainm ceart (Afraidíté, Héire, Aitéine, Páras, Hermeas)

Míniú: **4 mharc**

- **2 mharc**, pointe bailí ar bith do gach carachtar

**(b)** An dóigh leat gur léiriú maith de bhreithiúnas Pháras í Íomhá A? Tagair do shonraí in Íomhá A **agus** do do chuid eolais ar bhreithiúnas Pháras mar thacaíocht le do fhreagra. **12 mharc**
**2 mharc** as tuiscint ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Tuairim, Is doigh/ Ní doigh.
- Tagairt bhailí do shonra na híomhá
- Úll óir
- Trí bhandia sa chomórtas áilleachta
- Tá Páras an t-aoire Traíoch le moltóireacht a dhéanamh
- Hermeas curtha ag Séas go Páras

**(c)** Mínigh cén chaoi a gceanglaíonn breithiúnas Pháras le miotas Chogadh na Traí.

**8 marc:** míniú an-mhaith, tá 2 shonra ar a laghad ann chun tacú leis an bhfreagra

**6 mharc:** míniú maith, tá 1 sonra ar a laghad ann

**3 mharc**: míniú an-bhunúsach nó míchruinn, ní aon sonraí ann le tacú leis an bhfreagra

**Ceist 8: 30 marc**

**(a)** Ainmnigh an ciúta fileata a bhfuil líne faoi sa sliocht thuas. **4 marc**

- samhail

**(b)** An dóigh leat go bhfuil an ciúta fileata seo éifeachtach sa sliocht seo? I do fhreagra mínigh an fáth a mbaineann Hóiméar feidhm as ciúta fileata den chineál seo ar fud an *Íliad*. **8 marc.**
**8 marc:** míniú an-mhaith, tá 2 shampla chruinn d'úsáid as an *Íliad* ann

**6 marc:** míniú maith, tá 1 sampla chruinn d'úsáid as an *Íliad* ann

**3 mharc:** míniú an-bhunúsach nó míchruinn

**(c)** Cad a léiríonn an sliocht dúinn faoin ngaol idir na deartháireacha, Páras agus Eachtar? I do fhreagra tagair do do thuiscint ghinearálta ar an *Íliad*. **10 marc**
**10 marc:** anailís an-mhaith, tacaithe nó forbartha le fianaise ón sliocht **agus** ón *Íliad*.

**7 marc:** anailís mhaith, tacaithe nó forbartha le fianaise ón sliocht **nó** ón *Íliad*.

**4 mharc:** anailís an-bhunúsach

**1 mharc:** freagra bunúsach/gearr tugtha gan aon anailís

**(d)** Cén tuairim atá agat de charachtar Pháras san *Íliad*? Tacaigh le do fhreagra le fianaise ón sliocht seo **agus / nó** ó do léamh féin ar an *Íliad*. **8 marc**

**8 marc:** freagra an-mhaith, tacaithe nó forbartha le fianaise ón sliocht **agus/ nó** ón *Íliad*.

**6 mharc:** freagra maith, roinnt fianaise ón sliocht **nó** ón *Íliad* ann

**3 mharc:** freagra an-bhunúsach

**Ceist 9: 22 marc**

**(a)** Scríobh gach ceann de na coincheapa ársa Gréagacha taobh lena mhíniú Gaeilge sa tábla. **8 mharc (4 x 2 mharc)**

| Brí i nGaeilge | Coincheap Sean-Ghréagach |
|---|---|
| náire | aidós |
| glóir | kleos |
| onóir | timé |
| feabhas | areté |

**(b)** Mínigh go hachomair conas a bhaineann gníomhaíochtaí Aichill le **ceann amháin ar a laghad** de na coincheapa i bpáirt **(a)**. **14 mharc**

**14 mharc:** míniú an-mhaith ar an nasc, cuirtear síos ar ghníomhaíocht ábhartha, sainmhínítear an coincheap go soiléir

**10 marc**: míniú maith ar nasc, sainmhíniú ar choincheap nó níl an cur síos ar an ngníomhaíocht soiléir

**6 mharc:** míniú bunúsach nó míchruinn

**3 mharc:** ráiteas an-bhunúsach nó míchruinn gan aon mhíniú

**Ceist 10: 20 marc**

**(a)** Scríobh faoi charachtar amháin san *Íliad* nach nglacann páirt sa troid. I do fhreagra tagair do radharc amháin, ar a laghad, ón *Íliad* ina bhfuil an carachtar seo. **14 mharc**

**14 mharc**: cuntas/cur síos/plé an-mhaith, tacaithe ag 3 fhíric/shonra ar a laghad, a thagraíonn don radharc

**12 mharc:** cuntas/cur síos/ plé maith, tá 2 fhíric/shonra ar a laghad ann, tagraíonn sé don radharc le beagán míchruinnis b’fhéidir

**9 marc:** cuntas/cur síos/plé maith, tá 1 fhíric/sonra ar a laghad ann

**6 marc:** cuntas/cur síos/plé an-bhunúsach nó míchruinn, tá 1 fhíric/sonra ar a laghad ann

**3 mharc:** ráiteas an-bhunúsach nó míchruinn, gan aon sonraí nó fíricí ann

**1 mharc:** ainm an gcarachtar amháin

**(b)** An bhfuil comhbhá agat leis an gcarachtar seo ó pháirt **(a)**? Mínigh do fhreagra. **6 mharc**

**6 mharc:** freagra an-mhaith, míniú soiléir tacaithe ag 2 phointe ar a laghad

**4 mharc:** freagra, míniú nó pointí an-mhaith (1 ar a laghad), easpa soiléire

**2 mharc:** freagra an-bhunúsach, gan aon mhíniú nó pointí tugtha

**Ceist 11: 10 marc, (4+3+3**, in aon ord)
Taispeántar cathair ársa Phoimpé i Mapa A. Scríobh ainmneacha na **dtrí** chineál spásanna poiblí Rómhánacha a bhfuil na saigheada dírithe orthu ar Mhapa A.
**1.** fóram
**2.** Amharclann
**3.** amfaitéatar

**Ceist 12: 12 mharc, 4 x 3 mharc**

Meaitseáil gach téarma ailtireachta Rómhánaí lena mhíniú agus cuir an litir cheart i ngach bosca.

**(c)** struchtúr cuimhneacháin is pasáiste stuach ann
**(a)** teach folctha
**(d)** struchtúr chun uisce a iompar
**(b)** rásraon dronuilleogach

**Ceist 13: 34 marc**

**(a)** Luaigh ainm an duine a bhí freagrach as foirgneamh, struchtúr nó spás poiblí **amháin** sa tSean-Róimh a mhaoiniú. **6 mharc**

- **3 mharc** ar ainm agus **3 mharc** ar fhoirgneamh, struchtúr, nó spás.

**(b)** Mínigh an chúis ar chinn an duine seo an tionscadal tógála seo a mhaoiniú i bpáirt **(a)**. **14 mharc**

**14 mharc:** míniú an-mhaith, tá 3 chúis ar a laghad ann agus roinnt príomhfhíricí/príomhshonraí

**10 marc:** míniú maith, tá 2 chúis ar a laghad ann agus roinnt príomhfhíricí/príomhshonraí

**6 mharc:** míniú bunúsach nó míchruinn, d'fhéadfadh 1 fhíric/sonra ceart ar a laghad a bheith ann

**3 mharc:** ráiteas an-bhunúsach nó míchruinn, gan aon tagairt d'fhíricí nó do shonraí ann

**(c)** Mínigh cad a tharlaíodh san fhoirgneamh, struchtúr nó spás poiblí a ainmníodh i bpáirt **(a). 14 mharc**

**14 mharc:** cur síos an-mhaith, tá 3 ghníomhaíocht chearta ar a laghad ann agus roinnt fíricí / sonraí / eochairthéarmaí

**10 marc:** cur síos maith, tá 2 ghníomhaíocht chearta ar a laghad ann agus roinnt fíricí / sonraí / eochairthéarmaí

**6 mharc:** cur síos bunúsach nó míchruinn ar cad a tharla, d'fhéadfadh 1 fhíric/sonra ceart ar a laghad a bheith ann

**3 mharc:** ráiteas an-bhunúsach nó míchruinn, gan aon tagairt d'fhíricí nó do shonraí ann

**Ceist 14: 24 marc**

**(a)** Ainmnigh foirgneamh poiblí i do cheantar áitiúil ina bhfuil gnéithe den ailtireacht Rómhánach. **2 mharc**

- Aon fhoirgneamh **poiblí** bailí in Éirinn (i.e. ní teach duine éigin)

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** ghné ailtireachta den fhoirgneamh a ainmníodh i bpáirt **(a)**. **10 marc**

Ainm:

- **2 mharc** gach ainm ceart ar ghné ailtireachta

Cur síos:

- **3 mharc** – 2 phointe chruinne faoi chuma nó feidhm na gné
- **1 mharc** – 1 phointe cruinn faoi chuma nó feidhm na gné

**(c)** Cén fáth, dar leat, ar tógadh an foirgneamh seo in Éirinn agus gnéithe den ailtireacht Rómhánach ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. **12 mharc**

**12 mharc**: anailís an-mhaith, tacaithe nó forbartha le 2-3 phointe/shampla ar a laghad a thagraíonn don fhoirgneamh roghnaithe as cuid a.

**8 marc**: anailís mhaith, tá roinnt pointí/samplaí (ar a laghad 1-2) ann a thagraíonn don fhoirgneamh roghnaithe i gcuid a.

**5 mharc**: anailís an-bhunúsach; gan aon tagairt ar leith do ghné ón bhfoirgneamh a roghnaíodh i gcuid a; gan aon chur síos ar ghné ar leith; ní thugtar a dhóthain sonraí maidir leis an bhfoirgneamh atá roghnaithe aige nó aici.

**1 mharc:** ráiteas an-bhunúsach; gan aon tagairt ar leith don fhoirgneamh a roghnaíodh i gcuid a; mícheart den chuid is mó

| **Roinn C** | **Laidin – Teanga Chlasaiceach** | **180 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 15: 8 marc (4 x 2 mharc)**

**(a)** beir ar an bhfaill
**(b)** arán agus sorcais

**(c)** athraíonn gach rud

**(d)** tháinig mé, chonaic mé, chloígh mé

**Ceist 16: 18 marc**

**(a) 14 mharc (2 x 7 marc)**

- **3 mharc** don fhocal ceart Laidine
- **4 mharc** le míniú: **2 mharc** ar brí an fhocail Bhéarla **+ 2 mharc** ar brí an fhocail Laidine
    - **Ní bhronntar aon mharcanna** mura dtagann an focal ó Abairt A

**(b)** **4 mharc**, freagra maith ina bhfuil sonraí ar leith
**2 mharc**, tá easpa sonraí sa fhreagra

**Ceist 17: 20 marc (5 x 4 mharc)**

3,

5,

1,

2,

4.

**Ceist 18: 20 marc (5 x 4 mharc)**

**(a)** a dtugann na Rómhánaigh grá di

**(b)** ab áille

**(c)** teampall don bhandia

**(d)** sa bhfoirgneamh

**(e)** brostaígí

**Ceist 19: 15 mharc (5 x 3 mharc)**

**(a)** ambulābant, **(b)** librum, **(c)** ingēns, **(d)** fīliō, **(e)** erit

**Ceist 20: 33 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh, ar choinníoll nach bhfuil sé contrártha.
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

<u>Freagraí táscacha</u>

**(a)** **2 mharc**: Antaine

**(b)** **2 mharc**: sa bhóthar; san fhóram (1 mharc)

**(c)** **4 mharc:** Bheannaigh an préachán d'Octáivian **(2)** mar ghinearál/impire **(1)** agus buaiteoir **(1)**.

**(d)** **3 mharc**: Thosaigh Octáivian ag gáire/rinne sé gáire **(2)** agus theastaigh uaidh an préachán a cheannach **(1).**

**(e)** **3 mharc**: Díolfaidh mé é. ; aitheantas go n-aontaíonn an seanfhear lena bhfuil le rá ag Octáivian (1 mharc)

**(f)** **4 mharc:** D'inis an sclábhaí d'Octáivian go raibh **(2)** préachán eile **(2)** ag an seanfhear.

**(g)** **7 marc: (4 + 3)**
Mínítear **dhá** cheann díobh seo a leanas:
- Léirítear tuiscint ar a ndeir an dara préachán
- Bheadh fearg ar Octáivian mar gheall ar an méid a dúirt an préachán
- Ba é Antaine a namhaid
- Shílfeadh Octáivian go raibh an seanfhear/an dara préachán díreach tar éis é a mhaslú
- Shílfeadh Octáivian nach raibh an seanfhear ina fhíordhuine roimhe seo / go raibh sé tar éis rógaireacht a dhéanamh air
- Shíl an seanfhear go ngearraí pionós air

**(h)** **8 marc: (4 + 4)**
**Aon dhá** cheann díobh seo a leanas:
- Rinne Octáivian gáire faoin méid a dúirt an dara préachán; chuir sé áthas ar an impire
- Cheannaigh Octáivian an dara préachán / an dá phréachán
- Thug Octáivian a lán airgid dó
- Shíl an seanfhear go ngearrfaí pionós air ach níor gearradh

**Ceist 21: 50 marc**

**(a) 12 mharc (4 x 3 mharc)**
**(i)** réamhfhocal leis an gcuspóireach
**(ii)** aimsir láithreach
**(iii)** cuspóireach iolra
**(iv)** teastaíonn uathu an t-ainmhí fiáin a ghabháil

**(b) 38 marc**

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

virī … currēbant. **7 marc**

<u>cervus</u> … fēcit. **7 marc**

subito … retinēbant. **10 marc**

<u>cervus</u> … sum! **5 mharc**

ōlim … servāvērunt.” **9 marc**

**Ceist 22: 16 mharc**

**(a) 8 marc (4 x 2 mharc)**

**(i)** Fíor

**(ii)** Fíor

**(iii)** Bréagach

**(iv)** Bréagach

**(b) 8 marc**

- **1 mharc** ar III Īdūs Septebrēs agus diem nātālem, agus **1 mharc** do gach focal eile ansin.

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar fhocal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

## Roinn D Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach 180 marc

**Ceist 23: 6 mharc (6 x 1 mharc)**

**(d)** βραχιοσαυρος
**(e)** πτεροδακτυλος
**(f)** βροντοσαυρος
**(b)** στεγοσαυρος
**(c)** τυραννοσαυρος
**(a)** διπλοδοκος

**Ceist 24: 18 marc**

* **Ní bhronntar aon mharcanna** mura dtagann an focal as Bosca 1

**(a) 4 mharc:** Focal Béarla ceart

**(b) 4 mharc:** Focal Béarla ceart

- Tabhair **1 mharc** má tá an focal Béarla ceart agus más é an focal Gréigise céanna é ó fhreagra **(a)**

**(c) 6 mharc:** Focal Béarla ceart

- Tabhair **2 mharc** mura bhfuil ach focal Ghréigise amháin ceart.

**(d) 4 mharc**, freagra maith ina bhfuil sonraí ar leith

**2 mharc**, tá easpa sonraí sa fhreagra

**Ceist 25: 20 marc + (4 x 5 mharc)**

2,
3,
4,
1.

**Ceist 26: 15 mharc (5 x 3 mharc)**

**(a)** Ἀττικῃ, **(b)** ἠλθεν, **(c)** ἐκελευσε, **(d)** ἡ, **(e)** ἀνδρειαν.

**Ceist 27: 20 marc (5 x 4 mharc)**

**(a)** thóg, **(b)** fear an-dílis, **(c)** rith, **(d)** Eachtar, **(e)** cad.

**Ceist 28: 85 marc**

**(a) 39 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh, ar choinníoll nach bhfuil sé contrártha.
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

Freagraí táscacha

**(i) 3 mharc:** I gcoillte/foraois **(2)** choimhthíoch**(1).**

**(ii) 4 mharc**: Go leor ainmhithe fiáine **(2)**, mac tíre **(1)** agus leon **(1)**.

**(iii) 4 mharc**: Tagann an-eagla orthu **(2)** agus ritheann siad go dtí an teach **(2).**

**(iv) 2 mharc:** Torann aisteach/uafásach; Circe ag canadh.

**(v) 6 mharc:** Tagann sí amach as an teach **(4)** agus beannaíonn sí dóibh/deir sí focail chairdiúla leo/cuireann sí fáilte rompu **(2) .**

**(vi) 4 mharc**: Deir sí leo 'tar isteach **(2)** i mo theach' **(2)**

**(vii) 6 mharc**

- **1 mharc** ar thuairim

Míniú:

- **5 mharc:** 2 phointe déanta, e.g., tá siad ag fulaingt, tairgeann sí bia dóibh, ceapann sí go bhfuil ocras orthu
- **3 mharc:** 1 phointe déanta

**(viii) 10 marc: 5 mharc** ar gach focal

- Ainmfhocal: **2 mharc** ar inscne, **3 mharc** ar chás
- Briathar: **3 mharc** ar aimsir, **2 mharc** ar dhuine

**(b) 46 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.
- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

Abairt 1 - οἱ ἑταιροι... ἐπιστευον. **(3 mharc)**

Abairt 2 - οἱ γαρ ἀνθρωποι ... ἐγιγνωσκον. **(6 mharc)**

Abairt 3 - ὁ μεν Ὀδυσσευς ... οἱος τ'ἠν. **(13 mharc)** ***μεν…δε = 1 mharc**

Abairt 4 - ἐγγυς... ὑες. **(5 mharc)**

Abairt 5 - ἐπει ... ἀκουω. **(13 mharc)**

Abairt 6 - ποῦ... καμνετε;" **(6 mharc)**

**Ceist 29: 16 mharc**

**(a) 8 marc (4 x 2 mharc)**

**(i)** Bréagach

**(ii)** Bréagach

**(iii)** Fíor

**(iv)** Bréagach

**(b) 8 marc**

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar fhocal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

## Aguisín: Samplaí de mhionearráidí agus de mhórearráidí san aistriúchán

Aistriúchán Laidine go Gaeilge.

**Samplaí de 'mhionearráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - comhaontú nó céim aidiachta (m.sh. breischéim in ionad sárchéime)
  - uimhir, pearsa nó inscne forainm (m.sh. é  ina ionad é
  - gaol idir ábhar agus oibiacht briathair
  - aistriúchán ar thuiseal tabharthach, ginideach nó tuiseal tabharthach
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

**Sampla de 'mhór-earráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

Aistriúchán na Sean-Ghréigise go Gaeilge

**Samplaí de 'mhionearráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - comhaontú nó céim aidiachta (m.sh. breischéim in ionad sárchéime)
  - uimhir, pearsa nó inscne forainm (m.sh. é ina ionad é
  - gaol idir ábhar agus oibiacht briathair
  - aistriúchán ar an tuiseal tabharthach nó tuiseal ginideach
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

**Sampla de 'mhór-earráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal